C/2025/2242

10.4.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/2242)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Chénas'

PDO-FR-A1029-AM03

Dáta na teachtaireachta: 6 Eanáir 2025

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach

I gCaibidil I, Roinn IV, pointe 1 den tsonraíocht, cuireadh '2022' in ionad na huimhreach '2019'.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ceadaítear an limistéar geografach a aithint le tagairt do leagan 2022 den Chód Geografach Oifigiúil, a fhoilsíonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Leasaíodh pointe 6 den doiciméad aonair.

2. Limistéar díreach in aice láimhe

I gCaibidil I, Roinn IV, pointe 3 den tsonraíocht, cuireadh '2022' in ionad na huimhreach '2019'.

Leis an leasú eagarthóireachta sin is féidir an limistéar atá díreach in aice láimhe a aithint faoi threoir leagan 2022 den Chód Geografach Oifigiúil, arna fhoilsiú ag INSEE.

Leis an tagairt sin tugtar deimhneacht dhlíthiúil don sainmhíniú ar an limistéar atá díreach in aice láimhe.

Rinneadh liosta na mbardas atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, lena n-áirítear a n-ainmneacha, a thabhairt cothrom le dáta, gan athruithe a dhéanamh ar theorainn an limistéir, chun na hathruithe riaracháin a rinneadh a chur san áireamh.

Leasaíodh an roinn den doiciméad aonair dar ceannteideal 'Coinníollacha breise'.

3. Dlús plandaithe

I gCaibidil I, Roinn VI, pointe 1(a) den tsonraíocht, cuireadh isteach forálacha sonracha maidir le fíniúnacha a fhástar ar léibhinn faoin gceannteideal 'Forálacha speisialta':

Chun meicniú dáileachtaí talún ar fhánaí an-ghéar a éascú, is mian le fíonsaothraithe go gceadófaí dóibh léibhinn a chruthú. Níl na rialacha ginearálta maidir le dlús infheidhme maidir leis an gcineál seo saothraithe fíniúna. Dá bhrí sin, d'fhormheas coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INTC) forálacha sonracha agus cuireadh leis an tsonraíocht iad.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha'.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Rialacha maidir le hairde duilliúir**

Cuireadh riail shonrach le Caibidil I, Roinn VI, pointe 1(c) den tsonraíocht maidir le hairde duilliúir le haghaidh fíniúnacha a fhástar ar léibhinn, nach sainítear spásáil idir rónna ina leith.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

5. **Toirmeasc ar ithir a úsáid ó áiteanna lasmuigh den limistéar**

Rinneadh na leasuithe seo a leanas ar Chaibidil I, Roinn VI, pointe 2 den tsonraíocht:

— Cuireadh mír nua (a) isteach lena dtoirmisctear ithir ó áiteanna lasmuigh den limistéar a úsáid ar na dáileachtaí talún a chumhdaítear leis an ainmniúchán.

Soiléiríodh go gciallaíonn 'ithir ó áiteanna lasmuigh den limistéar' ithir nach de thionscnamh limistéar dáileachta talún críochaithe an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Chénas' í.

— Tá an mhír (a) roimhe seo ina mír (b) anois.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

6. **Cóireáil uisce the**

Rinneadh na leasuithe seo a leanas ar Chaibidil I, Roinn VI, pointe 2 den tsonraíocht:

— Tá an mhír (b) roimhe seo ina mír (c) anois.

— Leasaíodh mír (c) mar a leanas: 'Tá sé sainordaitheach cóireáil uisce the a dhéanamh ar phlandaí caighdeánacha agus ar phlandaí as plandlanna príobháideacha'.

Comhlíontar leis an bhforáil sin an riail nua arna bunú ag coiste náisiúnta inniúil INTC chun dul i ngleic le forbairt an ghalair buíochain. Tá sé i gceist leis an riail nua cóireálacha ceadaithe a theorannú do chóireáil uisce the, rud a chuirfidh cosc ar chóireálacha malartacha nach dtugann na ráthaíochtaí céanna éifeachtachta.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

7. **Táirgeacht agus uasteorainn táirgeachta**

Rinneadh na leasuithe seo a leanas ar Chaibidil I, Roinn VIII, pointe 1 den tsonraíocht:

— Leagadh amach na forálacha atá ann cheana i mír a lipéadaíodh mar mhír (a);

— Cuireadh mír (b) isteach, lena leagtar amach na rialacha maidir leis an táirgeacht údaraithe a ríomh le haghaidh fíniúnacha a fhástar ar léibhinn. Is é uastáirgeacht na ndáileachtaí talún léibheannaithe sin an táirgeacht a leagtar amach le haghaidh an ainmniúcháin i mír (a).

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

8. **Bearta idirthréimhseacha**

Leasaíodh Caibidil I, Roinn XI, pointe 1(a) den tsonraíocht, an beart idirthréimhseach maidir leis an dlús plandaithe íosta.

Cuireadh síneadh ó 2015 go 2031 leis an údarú chun fíniúnacha atá i bhfeidhm ón 28 Samhain 2004 a ghrafadh go páirteach. Tá ráta speisialta laghdaithe i bhfeidhm maidir le fíniúnacha a dhéanfar a ghrafadh arís. Is é an cuspóir atá ann dlús a chur le hathstruchtúrú fíonghort i gcomhthéacs eacnamaíoch deacair nach gceadaíonn athphlandú ar mhórscála, agus an meicniú san fhíonghort a éascú, agus ar an gcaoi sin úsáid gliofosáite a laghdú.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

9. **Ceanglais maidir le dearbhú**

Rinneadh na leasuithe seo a leanas ar Chaibidil II, Roinn I den tsonraíocht:

— I bpointí 2, 3, 5 agus 6, leasaíodh na forálacha maidir leis na teorainneacha ama le haghaidh oibleagáidí dearbhaithe chun é a dhéanamh níos éasca seiceálacha a dhéanamh.

— I bpointe 2, sonraíodh nach bhféadfar táirgí a chur ar fáil ar an mórchóir go dtí go bhfaighfear freagra fabhrach ar an dearbhú ón gcomhlacht cigireachta formheasta.

— I bpointe 4, tá córas na ndearbhuithe achoimre ráithiúla le haghaidh na ndearbhuithe dá dtagraítear i bpointí 3 agus 6 ar fáil anois gan beann ar na toirteanna nó ar líon na n-idirbheart a dhéanann na hoibreoirí. Sonraíodh nach mór na dearbhuithe achoimre sin a sheoladh chuig an gcomhlacht cigireachta tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dheireadh na ráithe.

— I bpointe 5, sonraíodh nach féidir coinsíneachtaí fíona neamhphacáistithe a bhfuil sé beartaithe iad a sheoladh lasmuigh den chríoch náisiúnta a chur ar fáil go dtí go bhfaighfear freagra fabhrach ar an dearbhú maidir le seoladh lasmuigh den chríoch náisiúnta ón gcomhlacht cigireachta formheasta.

— Cuireadh mionsonraí maidir leis an dearbhú athaicmithe isteach ag pointe 6.

— Leasaíodh pointe 9 chun na hoibríochtaí a údaraítear mar chuid d'atheagrú dáileachtaí talún a shonrú.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

10. **Tagairtí don chomhlacht cigireachta**

Cuireadh comhlacht eile in ionad an chomhlachta cigireachta dá dtagraítear i gCaibidil III, Roinn II den tsonraíocht.

Leasaíodh an chéad mhír agus scriosadh an dara mír chun na rialacha nua maidir le dréachtú a léiriú.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Chénas

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta dearga tirime socra iad na fíonta. Tá neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta. Ní bhíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte atá ag na fíonta tar éis saibhrithe níos mó ná 13 %. Tráth an phacáistithe, tá cion aigéid mhalaigh uasta 0,4 gram in aghaidh an lítir ag na fíonta. Fíonta atá críochnaithe agus réidh le scaoileadh lena dtomhailt, bíonn siad i gcomhréir leis na caighdeáin anailíseacha seo a leanas: Uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós): 3 ghram in aghaidh an lítir. Comhlíonann na critéir eile anailíseacha na luachanna a bhunaítear sa reachtaíocht Eorpach. Tá dath álainn, dian ar dhath dearg an ghairnéid ar na fíonta. Maidir leis an mboladh, is minic a bhíonn bolaithe bláthacha agus bolaithe torthaíocha orthu a fhorbraíonn ina ndea-bholaithe spíosraithe leis an aois. Sa bhéal, tá an struchtúr bog flaithiúil agus tá galántacht chothrom, chumhachtach aige. Is minic a óltar na fíonta agus iad óg ach baineann siad castacht níos mó amach má choinnítear ar feadh roinnt blianta iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 14,17

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

— Ní bhíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte atá ag na fíonta tar éis saibhrithe níos mó ná 13 %.

— Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe suas go ráta tiúchana 10 %.

— Ní mór na fíonta a aosú go dtí an 15 Eanáir ar a laghad den bhliain i ndiaidh na buainte.

I dteannta leis na forálacha thuas, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh freisin.

An modh saothraithe

Dlús plandaithe

Is é 6 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha.

Is é 2,10 méadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna. Is é 0,80 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

Ar choinníoll go gcoinnítear an dlús íosta de 6 000 planda in aghaidh an heicteáir, chun críoch meicniúcháin, féadfar uasfhad 3 mhéadar a bheith idir sraitheanna.

Níl feidhm ag na forálacha sin maidir le dáileachtaí talún léibheannaithe. Ciallaíonn dáileacht fíonghoirt léibheannaithe dáileacht talún le tírdhreachú sonrach, a bunaíodh sular cuireadh an fhíniúin, a raibh gá léi mar gheall ar an bhfána a bhí ann cheana. Fágann an tírdhreachú léibheannaithe sin nach bhfuil feidhm ag na gnáthrialacha maidir le dlús plandaithe agus nach féidir buainteoirí meicnithe a úsáid idir na leibhéil éagsúla.

I gcás dáileachtaí talún léibheannaithe, is é 0,80 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa ró céanna.

An modh saothraithe

— Rialacha prúnála

— Cuirtear an phrúnáil i gcrích faoin 15 Bealtaine.

— Déantar na fíonta as fíniúnacha atá faoi réir prúnáil spoir agus treoraítear iad chun cuachphrúnáil, éventail, nó prúnáil Royat singil nó dúbailte, nó 'Charmet' a dhéanamh. Tá deich mbachlóg ar a mhéad ar gach planda.

— Tá idir trí agus cúig spor ag gach planda le dhá bhachlóg ar a mhéad. Chun críoch athghiniúna, féadfar spor a bheith ar gach planda ar a mbíonn dhá bhachlóg ar a mhéad a ghearrtar as péacán eipeachormánach a bhíonn ag fás as adhmad buan;

— Le linn na prúnála tosaigh, nó tiontaithe chuig cineál prúnála difriúla, prúnáiltear fíniúnacha go 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

Toirmisctear an t-uisciú.

— Forálacha a bhaineann le buaint mheicnithe

— Ní dhéantar an bhuaint a charnadh níos airde ná 0,50 méadar sna coimeádáin ina n-iompraítear ón dáileacht talún go dtí an fhíonlann í.

— Déantar na coimeádáin as ábhar támh atá oiriúnach d'úsáid an bhia.

— Áirítear le trealamh le haghaidh bhaint agus iompar an fhómhair córas speisialta draenála uisce nó córas speisialta cosanta.

5.2. *Uastáirgeacht*

61 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aosú sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2022: - Roinn Rhône: Chénas; - Roinn Saône-et-Loire: La Chapelle-de-Guinchay.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Gamay N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá an limistéar geografach suite go príomha ar an taobh thoir de Montagne de Rémont, ag airde 510 méadar, agus ar na léibhinn ag breathnú amach ar mhachaire Saône. San iarthar, áit a bhfuil na fánaí atá géara uaireanta ag breathnú amach ar ghleann shruthán Mauvaise agus ar shráidbhaile Chénas, tá an tír-raon cnocach crua, ag éirí níos séimhe sna bunchnoic san oirthear.

Tá an limistéar geografach suite ar na taobhanna thoir de chnoic thuaidh Beaujolais, 15 chiliméadar siar ó dheas de Mâcon agus 25 chiliméadar ó thuaidh de Villefranche-sur-Saône.

Cumhdaítear leis freisin críoch bhardais Chénas, i roinn Rhône, agus La-Chapelle-de-Guinchay, i ndeisceart roinn Saône-et-Loire.

Tá an fho-ithir comhdhéanta de charraig eibhreach athraithe idirghearrtha le síoga grianchloiche agus mangainéise. Tarlaíonn sin i bhfoirm gaineamh garbhghráinneach, a eascraíonn as dí-chomhbhailiú eibhir, nó mar chnapáin le himill mhíne. San oirthear, ar na fánaí níos séimhe, clúdaíonn leibhéil agus léibhinn ársa an tsubstráit eibhir, ag síneadh chomh fada le bardas La-Chapelle-de-Guinchay.

Tá na hithreacha siliciúil den chuid is mó, ard in ocsaíd iarainn agus aigéadach. Ar na foirmíochtaí eibhreacha, is gaineamhchloch iad na hithreacha, ar a dtugtar 'grès' nó 'gore' go háitiúil. San iarthar, i mbunchnoic Montagne de Rémont, éiríonn na stráicí bándearga gainmheacha níos saibhre i ndúrabhán níos faide leis an sruth. Ar na léibhinn, tá an gaineamh measctha le púróga agus gairbhéal.

Bíonn an ithir draenáilte go maith i gcónaí.

Suite ar na fánaí a dhraenálann an t-uisce báistí, sroicheann na dáileachtaí talún atá críochaithe go sonrach le haghaidh bhuaint na bhfíonchaor airde idir 210 méadar agus 380 méadar de ghnáth.

Tá an aeráid leathmhuirí faoi réir tionchair ilchríochacha agus an deiscirt, le teas an tsamhraidh agus an chuid is mó den bháisteach ag titim san fhómhar agus san earrach. Téann an aeráid éagsúil sin, agus teas dian an tsamhraidh a leanann ar aghaidh go minic go dtí an fómhar, chun tairbhe na bhfíniúnacha.

Tá ról ríthábhachtach ag cnoic Beaujolais a thugann cosaint ó na gaotha aniar, rud a laghdaíonn an tionchar muirí. Táirgeann na cnoic éifeacht föhn a thriomaíonn an t-aer muirí, ag méadú an tsolais agus ag laghdú báistí dá réir.

Gabhann gleann leathan Saône an solas go han-éifeachtach agus laghdaíonn sé éagsúlachtaí teochta.

8.2. *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

Tá fíniúnacha i láthair in Chénas ón gcianaois. Ina saothar *Les vins de Bourgogne* (Fíonta na Burgúine), scríobh Suzanne Blanchet go raibh fíniúnacha á bhfás ‘ón Mâconnais go dtí an Lyonnais’, áit a bhfuil an fhoraois i réim, ó bhí an 1ú céad ann (Plinias Mór).

Ó thaobh na sanasaíochta de, is ón bhforaois darach [‘*chênes*’ sa Fhraincis] a thagann an t-ainm ‘Chénas’ a chlúdaigh a cnoic tráth. Deirtear i bhfoinsí go leor, tar éis ordú ríoga 1316 a d’eisigh Pilib V (‘Pilib Ard’), gur glanadh daracha Montagne de Rémont chun fíniúnacha a chur ina n-ionad.

Ó dheireadh an 15ú céad, nuair a d’éirigh siad saibhir ó shíoda agus baincéireacht, d’fhorbair bourgeoisie Lyons fíonsaothrú.

Le foraithne an 11 Meán Fómhair 1936 aithníodh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ‘Chénas’ le haghaidh cuid de chríoch bhardas Chénas. Ó bhí 1945 ann, chumhdaigh an limistéar dáileachta talún críochaithe fánaí comharsanacha bhardas La-Chapelle-de-Guinchay.

An tráth céanna, bhunaigh thart ar 40 táirgeoir an siléar comharchumainn, a bunaíodh in 1934 i réadmhaoin de chuid Château des Michauds, in Chénas. Táirgeann an comharchumann thart ar 25 % d’fhíonta an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Is fórsa tiomána le haghaidh an gheilleagair é. Tá siléar fíona an chomharchumainn ón 16ú céad, a bhfuil a síleáil chruinneacháin ann i bhfoirm áirse éilipseach, ar cheann de na siléir fíona ‘Beaujolais’ is mó atá ann.

Tá na gabháltais faoi úinéireacht teaghlach den chuid is mó agus cuirtear ar aghaidh iad ó ghlúin go glúin, agus uaireanta bíonn níos mó ná glúin amháin ag obair orthu le chéile.

Thairis sin, is breá le táirgeoirí na dáileachtaí talún is fearr a aithint. Luann siad ainmneacha na ‘*lieux-dits*’ nó a ndáileachtaí talún is mó le rá ar na lipéid.

Léiríonn ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Chénas’ cumasc de thraidisiúin réigiúnacha shaintréitheacha le teicnící nua-aimseartha.

Tá na fíniúnacha tiomanta go hiomlán do tháirgeadh fíonta dearga, ó fhíonchaora Gamay N go príomha. Agus iad ag iarraidh fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh, d’fhoghlaim na táirgeoirí a fhás a cheansú, go háirithe trí dhlús plandaithe ard agus prúnáil spoir a úsáid, in éineacht le treorú cuachphrúnála.

Ionas go n-aibeoidh na fíonchaora i gceart, áirithíonn táirgeoirí go bhfuil an ceannbhrat oscailte go leordhóthanach. Ar an mbealach sin, is féidir na fíniúnacha a threorú ar threilísiú seasta, rud lena gcumasaítear an meicniú freisin.

Chun eastóscadh optamach chomhchodanna aramatacha agus polaifeanólacha na bhfíonchaor a áirithiú, úsáideann roinnt mhaith táirgeoirí teicnící ina dtumtar na fíonchaora i sú le linn an choipthe. Bíonn eastóscadh maith mar thoradh ar na teicnící sin agus caomhnaítear saintréith thorthaíoch na bhfíonta ag an am céanna. Is minic a théann an t-am maothaithe thar 10 lá. Tá an cineál Gamay N íogair d’ocsaídiú, mar sin déanann táirgeoirí gach rud is féidir chun na fíonchaora a choimeád slán agus iad a iompar chuig an bhfíonlann go tapa. Déantar an pacáistiú tar éis roinnt míonna aibithe. Is féidir fíonta a aosú ar feadh idir 4 agus 8 mbliana, níos mó sna blianta fíona is fearr.

In 2010, chumhdaigh fíonghoirt ‘Chénas’ limistéar 242 heicteár, rud a thug meántáirgeadh bliantúil de 7 600 heictilítear, arna dhéanamh ag 289 táirgeoir. Díoltar idir 25 % agus 30 % den táirgeadh go díreach ón bhfíonlann.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Cosanta ó na gaotha aniar ag cnoic Beaujolais, baineann na dáileachtaí talún fíonghoirt, a bhfuil a n-aghaidh soir ó thuaidh, soir agus ó dheas, tairbhe as teochtaí séimhe ó bhriseadh an lae, faoi éifeachtaí sholas gréine luath na maidine.

Tá na fíniúnacha suite ar na fánaí a bhíonn an-ghéar uaireanta, ag breathnú amach ar mhachaire leathan Saône, ag airde idir 210 méadar agus 380 méadar de ghnáth. Dá bharr sin, is iondúil go n-éalaíonn siad ó shioc an earraigh agus ó cheocháin na maidine. Nochtann a suíomh iad do sholas na gréine a chumasaíonn fótaisintéis éifeachtach agus a dhraenálann go tapa aon bharrachas uisce báistí. Bíonn aibiú den scoth na bhfíonchaor mar thoradh air sin, agus coimeádtar slán iad go dtí go sroicheann siad an fhíonlann.

Ar na dáileachtaí talún atá críochaithe le haghaidh bhuaint na bhfíonchaor, bíonn na hithreacha eibhreach go ginearálta agus gan mórán cré iontu. Is rud nach beag é sin le haghaidh bhlas uathúil na bhfíonta, castacht aramatach iontach le fíneáltachtaí áirithe. Táirgtear fíonta boga agus torthaíocha ó na dáileachtaí talún ar na léibhinn ársa, a bhfuil ithreacha gairbhéalacha agus gainmheacha acu a bhfuil airíonna scagtha acu agus atá suite go príomha i mbardas La-Chapelle-de-Guinchay.

Táirgeann na dáileachtaí talún atá suite ar fhánaí bhardas Chénas, inar foirmíodh na hithreacha ar ghaineamh eibhreach, fíonta níos tathagaí.

Braitheann saintréithe na bhfíonta freisin ar shaineolas na dtáirgeoirí. Agus gach scil agus teicníc á n-úsáid acu chun fíonta a tháirgeadh lena n-aosú, cuireann na táirgeoirí dath agus fíneáltacht i dtábhacht agus an torthaíocht agus an ghalántacht á gcoinneáil ar bun acu ag an am céanna.

Ó bhí an 17ú céad ann, tá cáil ar fhíonta 'Chénas'. Go deimhin, mheas Louis XIII gurbh é 'an t-aon fhíon é arbh fhiú cuireadh a thabhairt dó chun a bhoird', agus leis sin bhain cáil amach mar 'fíon a raibh údarás aige'.

San 18ú céad, thug ceannaithe fíona na Burgúine fíonta 'Chénas' go Páras. Ansin, sa 19ú céad, cuireadh ar an margadh iad i dtuaisceart na Fraince agus onnmhairíodh go Sasana iad. Bhí aithne orthu an t-am sin féin mar fhíonta a choinnigh ar feadh tréimhse an-fhada, agus a bhí go maith tar éis taistil.

Tar éis na mblianta, tá tarraingt fós idir dá thaobh, idir an phríomhchathair agus fíonta 'Chénas', mar bíonn 'Earrach Chénas' ar siúl i lár mhí an Mhárta gach bliain. Bíonn na fíonta le feiceáil ar feadh seachtaine i thart ar 60 beár fíona i bPáras.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil le haghaidh 2022:

— Roinn Côte-d'Or:

Agencourt, Aloxe-Corton, Ancey, Arcenant, Argilly, Autricourt, Auxey-Duresses, Baubigny, Beaune, Belan-sur-Ource, Bévy, Bissey-la-Côte, Bligny-lès-Beaune, Boncourt-le-Bois, Bouix, Bouze-lès-Beaune, Brion-sur-Ource, Brochon, Cérilly, Chamboeuf, Chambolle-Musigny, Channay, Charrey-sur-Seine, Chassagne-Montrachet, Châtillon-sur-Seine, Chaumont-le-Bois, Chaux, Chenôve, Chevannes, Chorey-lès-Beaune, Collonges-lès-Bévy, Combertault, Comblanchien, Corcelles-les-Arts, Corcelles-les-Monts, Corgoloin, Cormot-Vauchignon, Corpeau, Couchey, Curley, Curtil-Vergy, Daix, Dijon, Ebaty, Echevronne, Epernay-sous-Gevrey, L'Etang-Vergy, Etrochey, Fixin, Flagey-Echézeaux, Flavignerot, Fleurey-sur-Ouche, Fussey, Gerland, Gevrey-Chambertin, Gilly-lès-Cîteaux, Gomméville, Grancey-sur-Ource, Griselles, Ladoix-Serrigny, Lantenay, Larrey, Levernois, Magny-lès-Villers, Mâlain, Marcenay, Marey-lès-Fussey, Marsannay-la-Côte, Massingy, Mavilly-Mandelot, Meloisey, Merceuil, Messanges, Meuilley, Meursanges, Meursault, Molesme, Montagny-lès-Beaune, Monthelie, Montliot-et-Courcelles, Morey-Saint-Denis,

Mosson, Nantoux, Nicey, Noiron-sur-Seine, Nolay, Nuits-Saint-Georges, Obtrée, Pernand-Vergelesses, Perrigny-lès-Dijon, Plombières-lès-Dijon, Poinçon-lès-Larrey, Pommard, Pothières, Premeaux-Prissey, Prusly-sur-Ource, Puligny-Montrachet, Quincey, Reulle-Vergy, La Rochepot, Ruffey-lès-Beaune, Saint-Aubin, Saint-Bernard, Saint-Philibert, Saint-Romain, Sainte-Colombe-sur-Seine, Sainte-Marie-la-Blanche, Santenay, Savigny-lès-Beaune, Segrois, Tailly, Talant, Thoires, Valforêt (an chuid de chríoch iarbhardas Clémencey, agus an chuid sin amháin), Vannaire, Velars-sur-Ouche, Vertault, Vignoles, Villars-Fontaine, Villebichot, Villedieu, Villers-la-Faye, Villers-Patras, Villy-le-Moutier, Vix, Volnay, Vosne-Romanée agus Vougeot;

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil le haghaidh 2022:

— Roinn Rhône:

Alix, Anse, L'Arbresle, Les Ardillats, Arnas, Bagnols, Beaujeu, Belleville-en-Beaujolais, Belmont-d'Azergues, Blacé, Le Breuil, Bully, Cercié, Chambost-Allières, Chamelet, Charentay, Charnay, Chasselay, Châtillon, Chazay-d'Azergues, Chessy, Chiroubles, Cogny, Corcelles-en-Beaujolais, Dardilly, Denicé, Deux Grosnes (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Avenas amháin), Dracé, Emeringes, Fleurie, Fleurieux-sur-l'Arbres, Frontenas, Gleizé, Juliénas, Jullié, Lacenas, Lachassagne, Lancié, Lantignié, Légny, Létra, Limas, Lozanne, Lucenay, Marchampt, Marcy, Moiré, Montmelas-Saint-Sorlin, Morancé, Odenas, Le Perréon, Pommiers, Porte des Pierres Dorées, Quincié-en-Beaujolais, Régnié-Durette, Rivolet, Sain-Bel, Saint-Clément-sur-Valsonne, Saint-Cyr-le-Chatoux, Saint-Didier-sur-Beaujeu, Saint-Etienne-des-Oullières, Saint-Etienne-la-Varenne, Saint-Georges-de-Reneins, Saint-Germain-Nuelles, Saint-Jean-des-Vignes, Saint-Julien, Saint-Just-d'Avray, Saint-Lager, Saint-Romain-de-Popey, Saint-Vérand, Sainte-Paule, Salles-Arbuissonnas-en-Beaujolais, Sarcey, Taponas, Ternand, Theizé, Val d'Oingt, Vaux-en-Beaujolais, Vauxrenard, Vernay, Villefranche-sur-Saône, Ville-sur-Jarnioux, Villié-Morgon agus Vindry-sur-Turdine (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardais Dareizé, Les Olmes agus Saint-Loup amháin).

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil le haghaidh 2022:

— Roinn Saône-et-Loire:

Aluze, Ameugny, Azé, Barizey, Beaumont-sur-Grosne, Berzé-la-Ville, Berzé-le-Châtel, Bissey-sous-Cruchaud, Bissy-la-Mâconnaise, Bissy-sous-Uxelles, Bissy-sur-Fley, Blanot, Bonnay, Bouzeron, Boyer, Bray, Bresse-sur-Grosne, Burgy, Burnand, Bussières, Buxy, Cersot, Chagny, Chaintré, Chalon-sur-Saône, Chamilly, Champagny-sous-Uxelles, Champforgeuil, Chânes, Change, Chapaize, La Chapelle-de-Bragny, La Chapelle-de-Guinchay, La Chapelle-sous-Brancion, Charbonnières, Chardonnay, La Charmée, Charnay-lès-Mâcon, Charrecey, Chasselas, Chassey-le-Camp, Château, Châtenoy-le-Royal, Chaudenay, Cheilly-lès-Maranges, Chenôves, Chevagny-les-Chevrières, Chissey-lès-Mâcon, Clessé, Cluny, Cormatin, Cortambert, Cortevaix, Couches, Crêches-sur-Saône, Créot, Cruzille, Culles-les-Roches, Curtil-sous-Burnand, Davayé, Demigny, Dennevy, Dezize-lès-Maranges, Donzy-le-Pertuis, Dracy-le-Fort,

Dracy-lès-Couches, Epertully, Etrigny, Farges-lès-Chalon, Farges-lès-Mâcon, Flagy, Fleurville, Fley, Fontaines, Fragnes-La-Loyère (an chuid a chomhfhreagraíonn le críoch iarbhardas La Loyère amháin), Fuissé, Genouilly, Germagny, Givry, Granges, Grevilly, Hurigny, Igé, Jalogny, Jambles, Jugy, Jully-lès-Buxy, Lacrost, Laives, Laizé, Lalheue, Leynes, Lournand, Lugny, Mâcon, Malay, Mancey, Martailly-lès-Brancion, Massilly, Mellecey, Mercurey, Messey-sur-Grosne, Milly-Lamartine, Montagny-lès-Buxy, Montbellet, Montceaux-Ragny, Moroges, Nanton, Ozenay, Paris-l'Hôpital, Péronne, Pierreclos, Plottes, Préty, Prissé, Pruzilly, Remigny, La Roche-Vineuse, Rosey, Royer, Rully, Saint-Albain, Saint-Ambreuil, Saint-Amour-Bellevue, Saint-Boil, Saint-Clément-sur-Guye, Saint-Denis-de-Vaux, Saint-Désert, Saint-Gengoux-de-Scissé, Saint-Gengoux-le-National, Saint-Germain-lès-Buxy, Saint-Gervais-sur-Couches, Saint-Gilles, Saint-Jean-de-Trézy, Saint-Jean-de-Vaux, Saint-Léger-sur-Dheune, Saint-Mard-de-Vaux, Saint-Martin-Belle-Roche, Saint-Martin-du-Tartre, Saint-Martin-sous-Montaigu, Saint-Maurice-de-Satonnay, Saint-Maurice-des-Champs, Saint-Maurice-lès-Couches, Saint-Pierre-de-Varennes, Saint-Rémy, Saint-Sernin-du-Plain, Saint-Symphorien-d'Ancelles, Saint-Vallerin, Saint-Vérand, Saint-Ythaire, Saisy, La Salle, Salornay-sur-Guye, Sampigny-lès-Maranges, Sancé, Santilly, Sassangy, Saules, Savigny-sur-Grosne, Sennecey-le-Grand, Senozan, Sercy, Serrières, Sigy-le-Châtel, Sologny, Solutré-Pouilly, Taizé, Tournus, Uchizy, Varennes-lès-Mâcon, Vaux-en-Pré, Vergisson, Vers, Verzé, Le Villars, La Vineuse sur Fregande (an chuid a chomhfhreagraíonn le críoch iarbhardais Donzy-le-National, Massy agus La Vineuse amháin), Vinzelles agus Viré.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil le haghaidh 2022:

— Roinn Yonne:

Aigremont, Annay-sur-Serein, Arcy-sur-Cure, Asquins, Augy, Auxerre, Avallon, Bazarnes, Beine, Bernouil, Béru, Bessy-sur-Cure, Bleigny-le-Carreau, Censy, Chablis, Champlay, Champs-sur-Yonne, Chamvres, La Chapelle-Vaupelteigne, Charentenay, Châtel-Gérard, Chemilly-sur-Serein, Cheney, Chevannes, Chichée, Chitry, Collan, Coulangeron, Coulanges-la-Vineuse, Courgis, Cruzy-le-Châtel, Dannemoine, Deux Rivières, Dyé, Epineuil, Escamps, Escolives-Sainte-Camille, Fleys, Fontenay-près-Chablis, Gy-l'Evêque, Héry, Irancy, Island, Joigny, Jouancy, Junay, Jussy, Lichères-près-Aigremont, Lignorelles, Ligny-le-Châtel, Lucy-sur-Cure, Maligny, Mélisey, Merry-Sec, Migé, Molay, Molosmes, Montholon (an chuid i gcríoch iarbhardais Champvallon, Villiers-sur-Tholon agus Volgré, agus an chuid sin amháin), Montigny-la-Resle, Mouffy, Moulins-en-Tonnerrois, Nitry, Noyers, Ouanne, Paroy-sur-Tholon, Pasilly, Pierre-Perthuis, Poilly-sur-Serein, Pontigny, Préhy, Quenne, Roffey, Rouvray, Saint-Bris-le-Vineux, Saint-Cyr-les-Colons, Saint-Père, Sainte-Pallaye, Sainte-Vertu, Sarry, Senan, Serrigny, Tharoiseau, Tissey, Tonnerre, Tronchoy, Val-de-Mercy, Vallan, Venouse, Venoy, Vermenton, Vézannes, Vézelay, Vézinnes, Villeneuve-Saint-Salves, Villy, Vincelles, Vincelottes, Viviers agus Yrouerre.

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

a) I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is ainm áite sa chlár talún é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Tá ainm an tsuímh chláraithe le feiceáil díreach tar éis an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, agus tá sé priontáilte i litreacha nach mó ar airde ná ar leithead iad ná na litreacha ina bhfuil ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint scríofa.

b) Is féidir an t-eintiteas geografach níos mó 'Vin du Beaujolais', 'Grand Vin du Beaujolais' nó 'Cru du Beaujolais' a lua ar lipéid fíonta atá i dteideal an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

I dtaca leis an aonad geografach leathan sin, ní mór gan na litreacha a úsáidtear ann a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid litreacha ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-e19a7353-03e0-4111-96ae-77d5a9c68a9c